IONSTRAIMÍ REACHTÚLA

**IR Uimh. [ • ] de 202[ • ]**

---

RIALACHÁIN 2024 AN ACHTA UM THEANNTÁIL FEITHICLÍ, 2015 (NÓS IMEACHTA ACHOMHAIRC)

DRAFT

[Tagairt le haghaidh an Dréachta: KLBC\67138497.1]

IR Uimh. [ • ] de 2024

# RIALACHÁIN 2024 AN ACHTA UM THEANNTÁIL FEITHICLÍ, 2015 (NÓS IMEACHTA ACHOMHAIRC)

Tar éis don Údarás Náisiúnta Iompair, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le hailt 4, 10 agus 22 den Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015 (Uimh. 13 de 2015), dul i gcomhairle leis an Aire Iompair agus tar éis dó ceanglais alt 4(1) den Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015 a chomhlíonadh, na rialacháin seo a leanas a dhéanamh:

## Cuid 1

## RÉAMHEOLAS

*Lua*

1. Is féidir na Rialacháin seo a lua mar Rialacháin 2024 an Achta um Theanntáil Feithiclí, 2015 (Nós Imeachta Achomhairc)

*Tosach Feidhme*

2. Tagann na Rialacháin seo i bhfeidhm an [ • dáta].

*Míniú*

3. Sna Rialacháin seo -

Ciallaíonn "Acht" an tAcht um Theanntáil Feithiclí, 2015;

Ciallaíonn "achomharcóir" duine a dhéanann achomharc faoi alt 22;

Ciallaíonn "litir chinnidh" cinneadh scríofa ar achomharc ó rialaitheoir loctha faoi alt 20(5) den Acht;

Ciallaíonn "achomhairc alt 22" achomharc chuig oifigeach achomhairc teanntála faoi alt 22 den Acht.

## Cuid 2

## ACHOMHAIRC CHUIG AN OIFIGEACH ACHOMHAIRC TEANNTÁLA

*Nósanna imeachta maidir le hachomhairc alt 22*

4.

(1) Déanfar achomharc faoi alt 22 a thaisceadh i scríbhinn chuig an ÚNI, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an litir chinnidh a fháil—

(a) trí fhoirm ar líne ar shuíomh Gréasáin an ÚNI chun críocha achomharc alt 22;

(b) trí ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist atá sonraithe ar shuíomh Gréasáin an ÚNI; nó

(c) trína chur leis an bpost, nó trína sholáthar de láimh ag, príomhoifig an ÚNI.

(2) Beidh an méid seo a leanas ag gabháil le achomharc alt 22 –

(a) forais an achomhairc;

(b) cóip den litir chinnidh lena mbaineann an t-achomharc alt 22; agus

(c) cibé cóipeanna eile de dhoiciméid is mian leis an achomharcóir a chur isteach mar thaca leis an achomharc faoi alt 22.

(3) Féadfaidh an t-oifigeach achomhairc teanntála, chun críocha achomharc faoi alt 22 a chinneadh, tráth ar bith tuilleadh faisnéise a iarraidh, cibé acu i scríbhinn nó ó bhéal, ón achomharcóir, ón rialaitheoir loctha iomchuí nó ón oibritheoir teanntála iomchuí, nó ó gach ceann acu.

(4) I gcás ina ndéanfaidh an t-oifigeach achomhairc teanntála iarraidh faoi mhír (3), soláthróidh an t-achomharcóir, an rialaitheoir loctha ábhartha nó an t-oibritheoir teanntála ábhartha, de réir mar a bheidh, an fhaisnéis a iarrtar tráth nach déanaí ná 10 lá féilire tar éis dháta na hiarrata.

(5) I gcás ina measfar gur gá é, féadfaidh an t-oifigeach achomhairc teanntála scrúdú a dhéanamh, go pearsanta nó ar cibé modh eile is cuí leis an oifigeach achomhairc teanntála, ar an achomharcóir, ar an rialaitheoir loctha, ar an oibritheoir teanntála iomchuí, agus ar aon duine eile is cuí leis an oifigeach achomhairc teanntála.

[Cuid 3

CÚLGHAIRMEACHA AGUS LEASUITHE

5. Déantar na Rialacháin um Theanntáil Feithiclí agus um Chomharthaíocht, 2017 (I. R. Uimh. 421 de 2017) mar a leanas –

(a) in Airteagal 14(b), trí "(ia) ríomhaistriú cistí;" a chur isteach; i ndiaidh fhomhír (i); agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Airteagal 14 (c): "I gcás go ndéanfar íocaíocht an mhuirir ábhartha, nó go bhfuil an íocaíocht sin á déanamh, ní dhéanfaidh an t-oibritheoir teanntála ná an rialaitheoir loctha aon táille bhreise ná muirear breise a fhorchur as an íocaíocht a dhéanamh ar aon bhealach áirithe nó trí aon mhodhanna áirithe, de réir mar a bheidh."

DRAFT

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi shéala an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI) an [ • ] 2024.

[CUIR ISTEACH AINM AN CHOMHALTA BOIRD ÁBHARTHA DEN ÚDARÁS NÁISIÚNTA IOMPAIR],
Comhalta Boird, an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

*Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an [ • ], 2024, á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

 [ • cuir isteach uimhir IR (nuair a leithdháilfear í)]

DRAFT

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

*(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)*

Is é príomhchuspóir Rialacháin 2024 an Achta um Theanntáil Feithiclí, 2015 (Nós Imeachta Achomharc) (na "Rialacháin") an próiseas a fhorordú do dhuine achomharc a dhéanamh chuig oifigeach achomhairc teanntála mar a shonraítear in alt 22 den Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015. Tá na nósanna imeachta achomhairc sna Rialacháin, lena n-áirítear na tréimhsí ama ceadaithe le haghaidh achomharc, an fhaisnéis agus na doiciméid a chaithfidh a bheith in éineacht le hachomharc agus a mhéid is féidir leis an oifigeach achomhairc teanntála an t-achomharc a imscrúdú. Cuimsítear sna Rialacháin freisin roinnt leasuithe ar na Rialacháin um Theanntáil Feithiclí agus um Chomharthaíocht, 2017.

DRAFT